# Scéal, Scéal, Scéal ...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

11 Eanáir 2024 || Eagrán 179

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Dáta don dialann...



# CÚRSA OILIÚNA D'ÁISITHEOIRÍ DRÁMAÍOCHTA

**Tá cúrsa oiliúna d'áisitheoirí drámaíochta á reáchtáil ag Ealaín na Gaeltachta i gCaisleán an Bharraigh ar an Satharn agus Domhnach 27-28 Eanáir 2024. Beidh an cúrsa seo dírithe ar dhaoine a bhfuil suim acu i ndrámaíocht don óige nó ar dhaoine ar mian leo cur lena gcuid scileanna áisitheoireachta sa drámaíocht. Is é an t-aisteoir cáiliúil Diarmuid De Faoite a bheidh i mbun an chúrsa. Beidh Diarmuid ag díriú isteach ar ghnéithe difriúla den drámaíocht, mar shampla, samhlaíocht, obair foirne, spreagadh samhlaíochta, cluichí samplacha, cluichí teangabhunaithe agus neart eile. Bheifear ag súil go mbeadh rannpháirtithe an chúrsa sásta dul ar phainéal teagascóirí Ealaín na Gaeltachta i ndiaidh an chúrsa agus sásta tabhairt faoi cheardlanna drámaíochta ina gceantar féin. Ní bheidh aon chostas ar an gcúrsa, agus cuirfear lóistín agus béilte ar fáil. Ach, tá líon ná spásanna teoranta, mar sin moltar clárú roimh ré ag cuisle@udaras.ie**



# IMREOIRÍ CHOIS FHARRAIGE ABÚ

Is ag báireoirí na Gaillimhe a bhí an bua sa gcluiche ceannais den chomórtas iománaíochta idir chontae, a imríodh le gairid sa 'Dome' CLG i mBíochan. Páirteach sa gcomórtas bhí fóirne ó Shligeach, Longfort, Ros Comáin, Maigh Eo agus Nua-Eabhrac, chomh maith le foireann a roghnaíodh ó fhóirne Sóisearacha a hAon i gContae na Gaillimhe. Bhí an bua ag Nua-Eabhrac ar fhoireann na Gaillimhe sa gcéad chluiche, ach i gcluiche ceannais don Sciath d'éirigh le báireoirí na Gaillimhe Ros Comáin a bhualadh. Bhí imreoirí áitiúla Mac Dara Ó Béarra, Breandán Mhaidhc Ó Conghaile, Seán Mhaidhc Ó Conghaile, Adrian Ó Tuathail agus Cathal Ó Tuathail ó Chumann Micheál Breathnach ag imirt ann. Ar an bhfoireann ó Chlub Iománaíochta Bearna/Na Forbacha bhí Tom Halliday, Dónal Ó Cualáin, Ryan Ó Cualáin agus Charlie Friel.

# CLÁRAMA NUA AN 424

Tá busanna breise curtha ag Bus Éireann ar Bhóthar Chois Fharraige. Gach lá den tseachtain ach an Domhnach agus Lá Saoire Poiblí, beidh scór bus ag teacht aniar le daoine a thabhairt go Gaillimh agus beidh scór bus ag fágáil Stáisiún na Gaillimhe chomh maith, an chéad cheann ag 6 ar maidin agus an ceann deireanach ag 23.15 san oíche. Tá Cumann Forbartha Chois Fharraige tar éis leagan den amchlár a réiteach do cheantar Chois Fharraige, le tacaíocht ó Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tá cóipeanna den amchlár nua le fáil in oifigí Comhar Creidmheasa Cholmcille, i Leabharlann an Spidéil, agus ag Oifigí An Fhóraim in Inis Fáil. Tá sé scaipthe ag na hOifigigh Pleanála Teanga ar na siopaí sa gceantar ó na Forbacha siar go Ros a' Mhíl.



# AN CHÓITSEÁIL TEANGA SAN IONAD OIBRE

Fógraíodh le gairid go bhfuil socrú déanta ag Údarás na Gaeltachta le hOllscoil Luimnigh le tacaíocht sa bhreis a thabhairt do rannpháirtithe ón Ghaeltacht atá ag iarraidh tabhairt faoin gcúrsa 'An Chóitseáil Teanga san Ionad Oibre'. Mar thoradh ar an scéim seo, ní bheidh ach táille de €150 (as an gcostas iomlán de €750) le híoc ag rannpháirtithe incháilithe leis an Ollscoil. Tá Ollscoil Luimnigh ag glacadh le hiarratais don chúrsa seo go dtí 14 Eanáir. Le cur isteach ar an scéim tacaíochta seo ó Údarás na Gaeltachta, ní mór teagmháil a dhéanamh le pleanáilteanga@udaras.ie le foirm iarratais a fháil.

# TRÁTH NA gCEIST DO SCOIL SAILEARNA

Tá Tráth na gCeist á reáchtáil ag Coiste na dTuismitheoirí ag Scoil Sailearna. I dTigh Chualáin a bheas an oíche shóisialta ar siúl, ar an Aoine 9 Feabhra. Cuirfear tús le cúrsaí @ 8i.n. Beidh crannchur agus neart duaiseanna le buachan ar an oíche. Gearrfar táille de €40 ar bhord de cheathrar, nó €10 an duine aonair. Fáilte roimh chách!

# OÍCHE CEOIL AR SON 'BÁNÚ'

Tá oíche cheoil á reáchtáil ag an eagraíocht tithíochta BÁNÚ sa bPoitín Stil, ar an Aoine 9 Feabhra. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht feachtas a chur ar bun maidir le ceist na tithíochta sa nGaeltacht - is ar mhaithe leis an obair seo atáthar ag iarraidh airgead a bhailiú. Le tuilleadh eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com Foilseofar sonraí na hoíche níos giorra don am.

# SÉAMUS Ó CONCHUBHAIR AR SHLÍ NA FÍRINNE

D'imigh Séamus Ó Conchubhair, as an mBaile Ard, sa Spidéal, ar shlí na fírinne ar an gCéadaoin, 3 Eanáir. B'as na Poilleacha i Maigh Cuillinn dó ó dhúchas. Bhain sé dintiúirí múinteoireachta amach in Ollscoil na Gaillimhe agus tar éis do a bheith ag teagasc i dTiobraid Árann agus i gcathair Luimnigh, bhog sé féin, a bhean Mary agus a gclann iníon go dtí An Spidéal. Chaith Séamus sé bliana fichead ar fhoireann teagaisc Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua agus é i mbun treoirghairme do ghlúnta scoláirí ansin. Fear suáilceach, lách, cuideachtúil ab ea Séamus a thug a chuid ama agus a chumas ar mhaithe le pobal an Spidéil agus is beag coiste deonach áitiúil nár chaith sé dúthracht agus díograis leo. Ní túisce sa Spidéal dó i 1976 ná go raibh sé ag tacú le Coiste na gCurachaí. Bhí sé an-ghníomhach i gCumann Camógaíochta Chois Fharraige. Rinne sé obair mhór freisin le Taispeántas Chois Fharraige. Bhíodh sé leis an mbuíon imeartha cártaí i gColáiste Chonnacht agus bhí sé ar dhuine d'Iontaobhaithe Choláiste Chonnacht. Déantar comhbhrón lena bhean Mary agus lena chlann.



# RANGANNA CEOIL DO GHASÚIR

Tá ranganna feadóg do ghasúir á reáchtáil ag Méadhbh Ní Eidhin. Ar an Luan ó 5:30-6 a bheas na ranganna ar siúl, sa Spidéal. Le níos mó eolais a fháil, nó le clárú do na ranganna, is féidir teagmháil a dhéanamh le Méadhbh ag 087 795 3817.

# Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige
# Irish Language Learners' Club

## Ranganna Gaeilge
## Irish Language Classes

An bhfuil spéis agat Gaeilge a fhoghlaim nó feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?

Tá dhá chúrsa Gaeilge ar siúl againn an téarma seo.



Are you interested in learning Irish or improving your Irish?

We have two Irish courses running this term.

| Cúrsa/Course | Dáta/Day | Am/Time | Ag Tosú/Starting |
|---|---|---|---|
| Meánleibhéal<br>Intermediate | Luan/Monday | 19:00-21:00 | 15/01/24 |
| Comhrá & Léitheoireacht i nGaeilge<br>Conversation & Reading in Irish | Céadaoin/Wednesday | 19:30-21:00 | 17/01/24 |

**Costas na gcúrsaí/Cost of courses**
Cúrsa 10 seachtaine/10 week course: €40 (Luan), €30 (Céadaoin)

**Ionad/Venue:** gteic@An Spidéal, Eircode H91 CH01
**Eolas & Clárú/Information & Registration:** SpidealGaeilge@gmail.com

# Ranganna Gaeilge do: Dhaoine Fásta

(Irish Classes for Adults)



Cúrsa 6 seachtaine (6 weeks) @ **€20**

**Déardaoin 18/01/2024 @ (7-8:30)**

## Glantosaitheoirí

No formal Irish language education, beginner level, introductory vocabulary.

**Cláraigh le: optchoisfharraige@gmail.com (083 010 6294)**

Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

# Ranganna Gaeilge do: Dhaoine Fásta

(Irish Classes for Adults)



Cúrsa 6 seachtaine (6 weeks) @ **€20**

**Dé Máirt 16 Eanáir 2024 (7-8:30)**

## Bunleibhéal

Studied Irish with An Fóram previously,
Gaeilge ón Scoil.

**Cláraigh le: optchoisfharraige@gmail.com**
**(083 010 6294)**

Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# DEISEANNA FOSTAÍOCHTA AG TEARMANN ÉANNA

**Tá Tearmann Éanna ag lorg iarratais do phostanna lánaimseartha agus páirtaimseartha mar Chúramóirí Baile, sna ceantair seo a leanas; Bearna, Na Forbacha, An Spidéal, Indreabhán, Baile na hAbhann, Ros a' Mhíl, Casla, An Cheathrú Rua, Ceantar na nOileán, Camus, Rosmuc, Carna agus Cill Chiaráin. Tá sé riachtanach go bhfuil QQI/FETAC Leibhéal 5 nó níos airde sa gcúram sláinte ag iarrthóirí, nó go mbeadh na cáilíochtaí sin á bhaint amach ag iarrthóirí i láthair na huaire. Tá sé riachtanach go bhfuil modúil don chúrsa QQI Scileanna Cúram agus Cúram don Duine Aosta ag iarrthóirí chomh maith le teastais i Tús Áite (Children First), Láimhsiú Sábháilte don Othar agus Cosaint do Dhaoine Soghonta. Tá sé riachtanach freisin go bhfuil ceadúnas tiomána iomlán ag iarrthóirí. Le níos mó eolais a fháil nó le cur isteach ar an bpost, ní mór teagmháil a dhéanamh le Bainisteoir Thearmann Éanna ag bainisteoir@tearmanneanna.ie roimh 4i.n. ar an 15 Eanáir 2024.**

# SEISIÚN AMHRÁNAÍOCHTA TIGH PHÁDRAICÍN

**Beidh seisiún amhránaíochta ar siúl ar an Domhnach 14 Eanáir i dTigh Phádraicín, le Fear an Tí, Seán Ó Gráinne. Cuireadh tús leis na seisiúin seo le linn na bliana 2023, agus tá ag éirí go hiontach leo. Tagann slua deas le chéile le taitneamh a bhaint as ceol, comhluadar agus cairdeas. Cuirfear tús le cúrsaí @ 8i.n. Fáilte roimh chách!**

